



Uimhir Chiorcláin: 0002/2018

Chuig: Lucht Bainistíochta Údaráis gach Meánscoil Dheonach,

Pobalscoil agus Scoil Chuimsitheach.

Feidhmiú an Aonaid um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais (FSSU)

1. Cuspóir.

Is é cuspóir an chiorcláin seo ná teacht in áit chiorclán M36/05 le haghaidh Meánscoileanna Deonacha agus chun údaráis bhainistíochta scoileanna sna Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha a chur ar an eolas maidir le rolladh amach agus feidhmiú an FSSU.

Tá an FSSU tar éis bheith ag feidhmiú san Earnáil Dheonach Meánscolaíochta ón mbliain 2005 i leith ag soláthar comhairle agus tacaíochta do scoileanna maidir le rialachas airgeadais. Is iomchuí anois Chiorclán na Roinne a nuashonrú le cúraimí Bhoird Bhainistíochta na Meánscoileanna Deonacha i gcomhréir le hAlt 18 den Acht Oideachais 1998 a mheabhru dóibh.

Beidh na tacaíochtaí ó FSSU á rolladh amach chuig scoileanna in Earnáil an Phobail agus san Earnáil Chuimsitheach le héifeacht ó 1 Eanáir 2018. (Tá tuilleadh eolais ar fáil in larscríbhinn 1 den chiorclán seo). Áireofar leis sin socruithe caighdeánaithe don chomhlíonadh le riachtanais chuntasaíochta faoi Alt 18 den Acht Oideachais 1998 agus d'fheabhsú na struchtúr tacaíochta airgeadais reatha le haghaidh scoileanna.

2. Ról an FSSU.

Áirítear le ról an FSSU:

- Soláthar comhairle agus tacaíochta do scoileanna ar chúrsaí rialachais airgeadais lena n-áirítear comhlíonadh le riachtanais an chiorcláin seo.
- Forbairt teimpléad le haghaidh scoileanna maidir le cúrsaí airgeadais lena n-áirítear teimpléad náisiúnta caighdeánaithe le haghaidh cuntas bliantúil scoile.
- Feidhmiú mar stór lárnach chun cuntais bhliantúla scoile a fháil arna n-ullmhú ag cuntasóir/iniúcháir seachtrach atá cláraithe le comhlacht cuntasaíochta aitheanta sa Stát.
- Tabhairt faoi na hiniúchtaí sin de réir mar is gá.
- Tuarascáil bhliantúil a ullmhú le haghaidh na Roinne.
- Idirchaidreamh leis an Roinn maidir le cúrsaí airgeadais a bhaineann le scoileanna.
- Eolas airgeadais a chur faoi bhráid an tÚdarás Rialála Carthanais (CRA) a shásóidh freisin oibleagáidí tuairiscithe airgeadais a chuirtear ar na scoileanna leis an Acht Carthanais 2009.
- Eolas staitistiúil a sholáthar chuig an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) faoi riachtanais le haghaidh eolais airgeadais maidir leis an gcóras scolaíochta.

Is féidir tuilleadh sonraí a fháil maidir leis an FSSU ar a shuíomh gréasáin www.fssu.ie.

Is é Comhchoiste na mBainisteoirí (JMB) a óstálann an FSSU.

3. Cad iad na himpleachtaí a bhaineann leis an FSSU le haghaidh Scoileanna?

- a) Foinse thábhachtach comhairle agus tacaíocht le haghaidh bunscoileanna atá san FSSU ar ghnéithe de rialachas airgeadais - a chuirfear ar fáil go príomha trí thacaíocht ar líne agus ar an guthán. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ag www.fssu.ie.
- b) D'fhorbair an FSSU svúit teimpléad lena n-úsáid ag Scoileanna mar seo a leanas:
- Teimpléid a mbainfidh scoileanna úsáid astu go himmheánach chun monatóireacht a dhéanamh ar ioncam míosúil, ar chaiteachas, ar bhainistiú buiséid agus ar shreabhadh airgid, srl.
 - Teimpléad náisiúnta caighdeánaithe chun cuntais bhliantúla scoile a chur faoi bhráid an FSSU, arna n-ullmhú ag cuntasóir/iniúcháir seachtrach atá cláraithe le comhlacht cuntasáíochta aitheanta sa Stát. Is é an teimpléad náisiúnta an modh caighdeánaithe do chuntasóirí/iniúcháirí chun cuntais bhliantúla scoile a ullmhú i gcomhréir le riachtanais Alt 18 den Acht Oideachais 1998.
 - Tá teimpléad caighdeánaithe le haghaidh tuairiscí as a mbaintear úsáid nuair a bhítear ag soláthar eolais airgeadais achoimre do thuismitheoirí ar fáil freisin mar chuid den teimpléad caighdeánaithe náisiúnta le haghaidh cuntas bliantúil scoile.

Tá na teimpléid seo ann cheana féin le haghaidh Meánscoileanna Deonacha, agus tabharfar isteach iad ar bhonn céimnithe le haghaidh Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha (Tá tuilleadh eolais ar fáil in Iarscríbhinn 1 den chiorclán seo). Tá úsáid theimpléad inmheánach FSSU chun monatóireacht a dhéanamh ar ioncam míosúil, ar chaiteachas, ar bhainistiú buiséid agus ar shreabhadh airgeadais, srl. roghnach le haghaidh scoileanna ar mian leo coinneáil orthu úsáid a bhaint as teimpléid reatha.

- c) Tá sé mar chúram ag an mBord Bainistíochta chun a chinntiú go gcuireann cuntasóir/iniúcháir seachtrach cuntais airgeadais isteach chuig an FSSU. Sásaíonn sé seo an oibleagáid de réir Alt 18 den Acht Oideachais 1998 inar féidir le scoileanna a gcuid cuntais a chur ar fáil le haghaidh iniúchta ag an Aire.

Tá socruithe i bhfeidhm cheana féin chun na cuntais a chur isteach chuig ag FSSU ag Meánscoileanna Deonacha, lena n-áirítear scoileanna ina ngearrtar táillí, agus ina n-íoctar múinteoirí as cistí poiblí. Is é 28 Feabhra an dáta fós i ndiaidh dheireadh na bliana airgeadais an dáta deiridh chun cuntais bhliantúla a chur isteach chuig an FSSU.

Beidh ar Phobalscoileanna agus ar Scoileanna Cuimsitheacha cuntais a chur isteach chuig an FSSU maidir le scoilbhliain 2019/20 agus gach bliain ina dhiaidh sin san fhormáid fhorordaithe agus faoin sprioc ábhartha (Tá tuilleadh eolais ar fáil in Iarscríbhinn 1 den chiorclán seo).

Ní mór cibé eolas eile a d'fhéadfadh an FSSU a éileamh a bheith leis na cuntais chomhlánaithe.

Tá na riachtanais thuas sa bhreis ar riachtanais ar bith faoi leith de chuid an phátrúin maidir le cuntais bhliantúla a chur isteach.

- d) Sásaíonn cur isteach chuntais bhliantúla na scoile chuig an FSSU, san fhormáid fhorordaithe agus faoin spriocdháta ábhartha, freisin oibleagáidí tuairiscithe airgeadais a chuirtear ar na scoileanna de réir an tAcht Carthanais 2009.

Sásaíonn sé freisin riachtanais tuairiscithe airgeadais ar bith de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh.

- e) D'fhéadfadh scoileanna bheith faoi réir iniúchta ag an FSSU mar chuid dá chlár leanúnach oibre. I gcás na hEarnála Pobail agus Cuimsithí, táthar ag aistriú na feidhme sin ó Aonad Inmheánach Iniúcháireachta na Roinne chuig an FSSU ó mhí Eanáir 2018.

4. **Cad iad na himpleachtaí a bhaineann leis an FSSU le haghaidh phátrúin scoileanna?**

Ní mór don Bhord Bainistíochta an scoil a bhainistiú thar ceann an phátrúin. Maidir leis sin:

- a) Cuirfidh an FSSU ar fáil, nuair a iarrtar orthu, liosta a gcuid scoileanna do phátrúin, ina léiríonn siad an comhlíontach iad maidir le cuntais bhliantúla na scoile chur isteach.
- b) Is féidir le pátrúin, de réir mar is cuí, teagmháil a dhéanamh leis an FSSU chun iniúchadh ar scoil a iarraidh.

5. **Cad iad na himpleachtaí a bhaineann leis an FSSU do Thuismitheoirí?**

Tá cur chuige caighdeánaithe náisiúnta ann faoi láthair i Meánscoileanna Deonacha chun eolas achomair airgeadais a chur ar fáil do thuismitheoirí.

Tabharfar é seo isteach i bPobalscoileanna agus i Scoileanna Cuimsitheacha don scoilbhliain 2019/20 ar aghaidh mar chuid den teimpléad caighdeánaithe náisiúnta le haghaidh cuntas bliantúil scoile.

6. **Comhthéacs Reachtúil.**

An tAcht Oideachais, 1998.

Meabhraítear do Bhoird Bhainistíochta maidir leis an dualgas atá orthu a chinntiú go mbíonn nósanna imeachta iomchuí cuntasáíochta agus airgeadais ann de réir Alt 18 den Acht Oideachais, 1998, ina n-éilítear:

18. —(1) Ach amháin i gcás scoile a bheidh bunaithe nó faoi chothabháil ag coiste gairmoideachais, coimeádfaidh bord na cuntais agus na taifid go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh sé nó ar chaiteachas an airgid sin a thabhóidh sé agus cinnteoidh sé go ndéanfar, i ngach bliain, na cuntais sin go léir a iniúchadh nó a dheimhniú go cuí de réir an chleachtais cuntasáíochta is fearr.

(2) Déanfaidh an scoil lena mbaineann cuntais a choimeádfar de bhun an ailt seo a chur ar fáil lena n-iniúchadh ag an Aire agus ag tuismitheoirí mac léinn sa scoil, a mhéid a bhaineann na cuntais sin le hairgead a sholáthrófar de réir alt 12.

An tAcht Carthanais 2009.

Éilíonn an tAcht Carthanais 2009 ar gach Bord Bainistíochta an scoil a bheith cláraithe leis an nGníomhaireacht Rátála Creidmheasa agus a shonraí clárúcháin a chinntiú uair amháin sa bhliain. Is cion atá ann do chumann carthanachta nach bhfuil cláraithe tabhairt faoi ghníomhaíochtaí sa Stát.

Dá bharr sin, ní mór do gach eagraíocht ar Chlár na gCarthanachtaí sonraí achoimre a chur ar fáil maidir le gach ioncam agus caiteachas chuig an nGníomhaireacht Rátála Creidmheasa ar bhonn bliantúil. Samhlaítear go ndéanfar é seo i dtaca le scoileanna trí mheán an FSSU. Na scoileanna a chuireann a gcuid cuntas isteach chuig an FSSU san fhormaid fhorordaithe agus laistigh den fhráma ama riachtanach; bainfidh siad tairbhe as gan an t-eolas airgeadais seo a chur ar ais chuig an nGníomhaireacht Rátála Creidmheasa ar leithligh.

Ba cheart ceisteanna chuig an nGníomhaireacht Rátála Creidmheasa a chur chuig: info@charitiesregulator.ie. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar a láithreán gréasáin www.charitiesregulator.ie.

7. Comhlíonadh le téarmaí an chiorcláin seo.

Ní mór do gach Bord Bainistíochta i Meánscoileanna Deonacha, i bPobalscoileanna agus i Scoileanna Cuimsitheacha ceanglais an chiorcláin seo a chomhlíonadh maidir le húsáid a bhaint as an teimpléad náisiúnta caighdeánaithe le haghaidh cuntas bliantúil scoile agus maidir lena gcur isteach chuig an FSSU san fhormáid fhorordaithe agus laistigh den fhráma ama riachtanach. Beidh riosca iniúchta níos airde ar na scoileanna a mainníonn orthu na ceanglais seo a chomhlíonadh.

8. Cosaint Sonraí.

Feidhmíonn an FSSU beartas docht ar chosaint sonraí de réir na reachtaíochta reatha ar Chosaint Sonraí.

9. Scaipeadh agus Ceisteanna.

Áirítear leis an gCiorclán seo rannóg ar Cheisteanna Coitianta a nuashonrófar mar is cuí le himeacht ama.

Cinntigh go gcuirfear an ciorclán seo ar a súile don Bhord Bainistíochta agus do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó).

Ba cheart ceisteanna ó scoileanna maidir leis an gCiorclán seo a chur chuig an FSSU. Tá na sonraí teagmhála ábhartha foilsithe ar a láithreán gréasáin ag www.fssu.ie.

Jill Fannin
Príomhoifigeach Feidhmeach
Rannán Airgeadas na Scoileanna

Eanáir 2018

Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha

Rolladh Amach agus Feidhmiú an Aonaid um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais (FSSU)

Coiste Comhairleach FSSU

Tá Coiste Comhairleach FSSU ann chun comhairle agus tacaíocht a sholáthar ar rolladh amach agus ar fheidhmiú an FSSU le haghaidh na hearnála Pobail agus Cuimsithí. Tá ionadaithe ón Roinn, ón ACCS agus ón FSSU ar an gCoiste seo.

Teimpléid FSSU.

Mar atá léirithe ag Alt 3 b) thuas, d'fhorbair an FSSU svúit teimpléad le húsáid ag Scoileanna. Tabharfar isteach iad ar bhonn céimnithe le haghaidh Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha mar atá léirithe ag 3 thíos. Tá úsáid teimpléid inmheánaigh FSSU chun monatóireacht a dhéanamh ar ioncam míosúil, ar chaiteachas, ar bhainistiú buiséid agus ar shreabhadh airgeadais, srl. roghnach le haghaidh scoileanna ar mian leo coinneáil orthu úsáid a bhaint as teimpléid reatha.

Tráthchlár chun Cuntais a chur isteach chuig an FSSU.

Tá sé mar chúram ag an mBord Bainistíocht chun a chinntiú go gcuireann cuntasóir/iniúcháir seachtrach cuntais airgeadais isteach chuig an FSSU. Sásaíonn sé seo oibleagáidí de réir Alt 18 den Acht Oideachais 1998 inar féidir le scoileanna a gcuid cuntas a chur ar fáil le haghaidh iniúchta ag an Aire.

Beidh ar Phobalscoileanna agus ar Scoileanna Cuimsitheacha cuntais a chur isteach chuig an FSSU maidir le scoilbhliain 2019/20 agus gach bliain ina dhiaidh sin san fhormaid fhorordaithe agus faoin sprioc ábhartha.

Is í seo a leanas an tráthlíne maidir le tabhairt isteach na socruithe sin le haghaidh Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha:

Eanáir 2018 go Lúnasa 2019	Díreoidh FSSU ar chomhairle agus tacaíocht a sholáthar mar chuid d'ullmhúcháin chun teimpléad náisiúnta caighdeánaithe a thabhairt isteach le haghaidh cuntais bhliantúla scoileanna.
Scoilbhliain 2019/20	Is í seo an chéad bhliain a ullmhófar cuntais bhliantúla scoileanna de réir an teimpléid náisiúnta chaighdeánaithe. Is í seo an fhormaid riachtanach le gur féidir le scoileanna oibleagáidí de réir Alt 18 den Acht Oideachais 1998 a chomhlíonadh.
Deireadh Feabhra 2021	Is é seo an dáta deiridh chun cuntais scoile don scoilbhliain 2019/20 a chur isteach chuig an FSSU.
Gach Bliain ina dhiaidh sin	Cuirfear Cuntais Bhliantúla na Scoile isteach chuig an FSSU san fhormaid fhorordaithe faoi dheireadh Feabhra (6 mhí i ndiaidh deireadh na scoilbhliana).

Ní mór eolas eile a d'fhéadfadh an FSSU a éileamh bheith leis na cuntais chomhlánaithe.

Tá na riachtanais thuas sa bhreis ar riachtanais ar bith faoi leith de chuid an phátrúin maidir le cuntais bhliantúla a chur isteach.

Eolas Airgeadais chuig Tuismitheoirí.

Tabharfar isteach an cur chuige náisiúnta caighdeánaithe chun eolas airgeadais a sholáthar do thuismitheoirí i bPobalscoileanna agus i Scoileanna Cuimsitheacha don scoilbhliain 2019/20 ar aghaidh mar chuid den teimpléad caighdeánaithe náisiúnta le haghaidh chuntais bhliantúla scoile.

Aistriú Feidhmeanna.

Mar atá léirithe ag Alt 3 e) thuas, b'fhéidir go mbeidh scoileanna faoi réir iniúchta ag an FSSU mar chuid dá chlár leanúnach oibre. I gcás na hEarnála Poiblí agus Cuimsithí, beidh an fheidhm seo á haistriú ó Aonad Inmheánach Iniúcháireachta na Roinne chuig an FSSU ó Eanáir 2018 ar aghaidh.

Ceisteanna Coitianta

An tAonad um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais (FSSU) Meánscoileanna Deonacha, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha

FSSU

Cén áit ar féidir liom tuilleadh eolais a fháil faoin FSSU?

Is féidir eolas a fháil maidir leis an FSSU ar a láithreán gréasáin www.FSSU.ie.

TEIMPLÉID FSSU.

Cad é an buntáiste atá ann trí theimpléid inmheánacha FSSU a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar ioncam míosúil, ar chaiteachas, ar bhainistiocht buiséid agus ar shreabhadh airgeadais, srl.?

Tá formáid na dteimpléad inmheánach de chuid an FSSU ag teacht leis an teimpléad náisiúnta caighdeánaithe le haghaidh chuntais bhliantúla scoile. Dá bhrí sin, is féidir go mbeidh táill níos ísle cuntaisíochta ann chun cuntais bhliantúla scoile a dheimhniú nó a iniúchadh mar thoradh ar úsáid teimpléad inmheánach FSSU (de réir riachtanais Alt 18 den Acht Oideachais 1998) toisc go mbeidh an t-eolas a chuirfear faoi bhráid Cuntasóra i bhformáid a éascóidh gur fusa sonraí ábhartha na gcuntas bliantúil scoile a asbhaint.

An bhfuil teimpléid inmheánacha eile ann chun monatóireacht a dhéanamh ar ioncam míosúil, ar chaiteachas, ar bhainistiú buiséid agus ar shreabhadh airgeadais, srl.?

Tá úsáid Teimpléid Inmheánaigh FSSU chun monatóireacht a dhéanamh ar ioncam míosúil, ar chaiteachas, ar bhainistiú buiséid agus ar shreabhadh airgeadais, srl, roghnach le haghaidh scoileanna ar mian leo coinneáil orthu ag úsáid teimpléid reatha.

Ní mór do gach scoil, áfach, an teimpléad náisiúnta caighdeánaithe le haghaidh chuntais bhliantúla scoile a úsáid de réir leis an tráthlína atá leagtha amach sa chiorclán seo.

An féidir na teimpléid inmheánacha FSSU a chur in oiriúint chun teacht le riachtanais scoileanna aonair?

Forbraíodh na teimpléid inmheánacha FSSU chun freastal ar gach scoil. Is féidir iad a leasú ionas go mbeidh siad in oiriúint do riachtanais scoileanna aonair. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an FSSU má tá cuidiú ag teastáil uait maidir leis seo.

CUNTAIS BHLIANTÚLA

Cad é an tráthchlár chun an teimpléad náisiúnta caighdeánaithe le haghaidh cuntais bhliantúla scoile a thabhairt isteach ag Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha?

Is í seo a leanas an tráthlíne a bhainfidh leis seo:

Eanáir 2018 go Lúnasa 2019	Díreoidh FSSU ar chomhairle agus ar thacaíocht a sholáthar mar chuid d'ullmhúcháin chun teimpléad náisiúnta caighdeánaithe a thabhairt isteach le haghaidh cuntais bhliantúla scoile.
Scoilbhliain 2019/20	Is í seo an chéad bhliain a ullmhófar cuntais bhliantúla scoile de réir an teimpléid náisiúnta chaighdeánaithe. Is é seo an leagan amach riachtanach ionas gur féidir le scoileanna oibleagáidí de réir Alt 18 den Acht Oideachais 1998 a chomhlíonadh.
Deireadh Feabhra 2021	Is é seo an dáta deiridh chun cuntais scoile don scoilbhliain 2019/20 a chur isteach chuig an FSSU.
Gach Bliain ina dhiaidh sin	Cuirfear Cuntais Bhliantúla na Scoile isteach chuig an FSSU san fhormáid fhorordaithe faoi dheireadh mhí Feabhra (6 mhí i ndiaidh deireadh na scoilbhliana).

An féidir na cuntais a chur ar ais go díreach chuig an FSSU?

Ach a mbíonn na cuntais bhliantúla scoile deimhnithe nó iniúchta agus faofa ag an mBord Bainistíochta ba cheart go gcuirfeadh an cuntasóir/t-iniúcháir seachtrach iad go leictreonach chuig an FSSU. Tá sé seo sa bhreis ar riachtanais ar bith faoi leith de chuid an phátrúin maidir le cuntais bhliantúla a chur isteach.